



## ÁBHAR DO CHAINÉAL CÚLA4

**Sprioc-am d'iarratais - Dé Céadaoin 18 Eanáir 2023**

Ábhar tarraingteach agus spraíúil atá a lorg a léiríonn spéiseanna agus caithimh aimsire an lucht féachana seo agus a thabharfaidh deis don lucht féachana a mhacasamhail féin a fheiceáil ar an scáileán. Is fiú smaoinemh ar na spéiseanna is mó atá ag daoine óga - spórt, ealaín, peataí, teicneolaíocht 7rl.

Ní mór smaointe/tuairimí an lucht féachana a chur san áireamh agus ní mór stíl, ton agus brandáil a bheith soiléir ó thús an togra.

I gcás sraitheanna a bheidh le forbairt, is fiú míreanna nó gnéithe a d'fhéadfaí a úsáid ar fud na n-ardán éagsúil a bheith san áireamh.

### **1. Ollsoláthar 4 bliana - Siamsaíocht do Pháistí 8-12 bhliain**

**An chéad am craolta:** Lá i rith na seachtaine.

**Formáid:** Sraith de chláracha, faid éagsúla.

**Lucht Féachana:** Páistí 8-12, Croílucht féachana

**Fad an chonartha ollsoláthair:** Márta 2023 go ceann ceithre bliana

**Uaireanta an chloig le soláthar:** Moladh le teacht ón gcomhlacht léirithe.

**Buiséad an ghné in aghaidh na bliana:** €450k in aghaidh na bliana ar feadh 4 bliana.

Fáilteimid roimh iarratais ar ábhar beo-aicsin (*live action*) ina mbeidh páistí nó tallann óg de láithreoirí a mheallfaidh an lucht féachana ar an scáileán.

Ábhar tarraingteach agus spraíúil atá á lorg lena léirítear spéiseanna agus caithimh aimsire an lucht féachana seo agus lena dtabharfar deis don lucht féachana a mhacasamhail féin a fheiceáil ar an scáileán. Is fiú smaoinemh ar na spéiseanna is mó atá ag daoine óga - spórt, ealaín, peataí, teicneolaíocht 7rl. Ní mór smaointe/tuairimí an lucht féachana a thabhairt san áireamh.

I gcás sraitheanna a bheidh le forbairt, is fiú míreanna nó gnéithe a d'fhéadfaí a úsáid ar fud na n-ardán éagsúil a bheith san áireamh.

## 2. OLLSOLÁTHAR 4 BLIANA - Cúla4 – Láithreachas le Láithreoir (í)

Cuirfidh TG4 fáilte roimh iarratais ó chomhlachtaí léiriúcháin a mbeadh suim acu ábhar rialta leanúnachais a chruthú do Cúla4.

**An chéad am craolta:** Sceidil laethúil Cúla4 06:00 – 20:00

**Formáid:** 30' - 2'30 / méid le socrú

**Lucht Féachana: Páistí / Croílucht féachana** Faoi 12 bhliain.

**Fad an chonartha ollsoláthar:** Fómhar 2023 go ceann 4 bliana.

**Uaireanta an chloig le soláthar:** Moladh le teacht ón gcomhlacht

**Buiséad an ghné in aghaidh na bliana:** €450k in aghaidh na bliana ar feadh 4 bliana.

Ó Fhómhar 2023, beidh cainéal Cúla4 ar an aer ó 06:00 go 20:00 gach lá - ag freastal ar aoisghrúpaí éagsúla go laethúil (mar shampla: zón réamhscoile, aoiseanna níos sine, zón dírithe ar théamaí oideachais/ foghlaim faoin saol srl,.. )

Beidh na míreanna seo:

- Taifeadta roimh ré ach cuma 'bheo' orthu.
- Lán le fuinneamh, beocht agus spraoi.
- Ag nascadh an lucht féachana leis an mbranda.
- Míreanna le láithreoir(i) ar an scáileán agus beidh tagairt le déanamh ag cuid acu don sceideal laethúil.
- Idirghníomhach- chun ceangal níos fuinniúla leis an lucht féachana a chruthú (mar shampla – ag iarraidh ar na páistí píosáí ealaíne/ grianghraif a sheoladh isteach agus cur isteach ar chomórtais srl,. deis ag aíonna a bheith sna míreanna leis an láithreoir nó deis ag an láithreoir turas a thabhairt ar chlub, scoil, ócáid srl,.)
- Míreanna/naisc ghearra ag príomhláithreoirí faoi leith sa sceideal laethúil.

Táimid sásta comhrá a bheith againn le comhlachtaí faoin gcur chuige, mar shampla spás stiúideo nó amuigh ar an mbóthar .. ach é a bheith soiléir gur spás de chuid Cúla4 atá ann. Maidir le héagsúlacht sna spásanna faoi leith, ní gá gach mír a bheidh cosúil lena chéile taobh amuigh de na zóin faoi leith.

Míreanna reatha a bhfuil samhlaíocht, spraoi agus fuinneamh iontu atá ag teastáil, stíl éadrom, tharraingteach agus shiamsúil ag baint leo. Beidh an t-ábhar seo ar ardchaighdeán ó thaobh stíle agus físiúlachta.

Tá fáilte roimh chomhlachtaí comhrá a bheith acu le Bainisteoir an Chainéil sula seoltar iarratas.

***Beidh Cearta saoil ag baint le ábhar láithreachas.***

### 3. Sraith Fhíorasach Staire do Dhaoine Óga

**An chéad am craolta:** Lá i rith na seachtaine.

**Formáid:** 13 x 25’.

**Lucht Féachana:** Páistí 8-12 bhliain

**Fad an chonartha:** Bliain

Iarratais ar shraith staire a thabharfaidh léargas don lucht féachana ar stair na hÉireann ar bhealach spéisiúil agus siamsúil. Sraith ina mbeidh meascán d’aicsean beo, beochan agus brandáil láidir.

Ba chóir iarratais a bheith tarraingteach don chroílucht féachana agus do lucht féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta níos leithne ó thaobh toin, grinn, ábharthachta agus cur chuige stíle. Samplaí de shraitheanna Staire eile atá tarraingteach don lucht féachana seo ná

‘Horrible Histories’-CBBC, ‘Hei Hanes’-S4C.

I gcás sraitheanna a bheidh le forbairt, is fiú míreanna nó gnéithe a d’fhéadfaí a úsáid ar fud na n-ardán éagsúil a bheith san áireamh. Ba chóir plean léirithe agus foireann léirithe chomh maith le rannpháirtithe/daoine cumasacha láidre ar an scáileán a bheith ina ngnéithe tábhachtacha d’aon iarratas chomh maith le comhairleoir staire a thuigeann an lucht féachana.

### 4. Seó cluichí do pháistí (páistí 7-12 bhliain).

**An chéad am craolta:** Lá i rith na seachtaine.

**Formáid:** 26 x 25’

**Lucht Féachana:** Páistí 8-12, Croílucht féachana

**Fad an chonartha:** Bliain

**Uaireanta an chloig le soláthar:** 13 uair an chloig.

Sraith ina gcuirfí scoileanna nó clubanna nó grúpaí cairde in iomaíocht lena chéile.

Sraith uailmhianach agus fhísiúil ina mbeadh spraoi, iomaíocht, idirghníomhaíocht agus teannas.

Sraith ina ndíreofaí ar dhúshlán a shárú seachas tráth na gceist amháin a dhéanamh.

Fáiltíonn muid roimh an teicneolaíocht mar chuid den leagan amach ach tá sé tábhachtach go mbeadh an lucht féachana gníomhach agus ag baint spraoi as an dúshlán.

Fáilteoidh muid roimh théamaí faoi leith don leagan amach seo - seomraí éalaithe, mistéir, comórtais spóirt etc i stiúideo nó in ionad feiliúnach eile mar shampla.

Ba chóir láithreoirí/daoine cumasacha láidre ar an scáileán a bheith ina ghné thábhachtach san iarratas chomh maith le plean léirithe agus feachtas chun iomaitheoirí a mhealladh.

I gcás sraitheanna a bheidh le forbairt, is fiú míreanna nó gnéithe a d’fhéadfaí a úsáid ar fud na n-ardán éagsúil a bheith san áireamh.

## **5. Forbairt: Beochan do ghasúir 8-12 bhliain d'aois.**

**An chéad am craolta:** Lá i rith na seachtaine.

**Formáid:** ag braith ar an togra

**Lucht Féachana:** Páistí 8-12 bhliain

**Fad an chonartha:** Bliain

**Uaireanta an chloig le soláthar:** ag braith ar an togra

Fáilteoidh TG4/Cúla4 roimh iarratais/smaointe ó Chomhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha le haghaidh sraitheanna beochana do ghasúir 8-12 bhliain d'aois. Tá muid ag lorg smaointe cruthaitheacha nuálacha, comhaimseartha, dána agus úra a chuirfidh le spéis, siamsaíocht agus le hintleacht ár lucht féachana 8-12 bhliain.

Ní hamháin gur mian linn an tallann agus na smaointe is fearr a nochtadh, ach is cuid lárnach d'aon choimisiún de chuid TG4 é a chinntiú go bhfuil foireann a bhfuil Gaeilge aici á forbairt againn i ngach togra.

Beidh fáilte roimh thograí atá bunaithe ar ábhar nó scéalta dúchasacha Gaeilge ach atá curtha in oiriúint do lucht féachana óg an lae inniu. Fáilteoidh muid roimh ábhar nua-chumtha chomh maith.

Ba chóir do na smaointe seo:

- A bheith spreagúil agus tarraingteacht don aoisghrúpa 8-12 bhliain
- Scéalaíocht den scoth a bheith ag baint leo agus iad siamsúil, spreagúil inchreidte don aoisghrúpa seo.
- A bheith idirghníomhach más féidir chun go mbeidh páistí in ann dul i ngleic leis an seó agus na carachtair féin.
- A bheith sa chaoi is go bhféadfaí iad a fhorbairt i sraitheanna 2, 3 srl.
- Charachtair tharraingteacha agus deis ann le haghaidh sraitheanna 2, 3 srl. agus go hidirnáisiúnta.
- Tá sé ríthábhachtach go mbeadh mar a d'fhéadfaí ábhar beochana a chur i láthair ar ilardáin ina chuid den fhorbairt.
- Deiseanna cómhaoinithe le Fuaim & Fís an BAI, ILBF agus deiseanna maoinithe idirnáisiúnta.

Is é an sprioc atá againn 3 thogra a roghnú. Má tá TG4 sásta go bhfuil an togra réidh le dul i mbun léirithe faoin mbabhta seo, beidh muid sásta oibriú i dtreo maoiniú léirithe agus foinsí maoinithe eile a aimsiú leis an gcomhlacht léiriúcháin.

## 6. Forbairt Drámaíochta Réamhscoile / Luathscoile

**An chéad am craolta:** Lá i rith na seachtaine.

**Formáid:** 22 x11’.

**Lucht Féachana:** Páistí faoi 7 mbliana, Croílucht féachana

**Fad an chonartha:** 6 mhí don forbairt

**Uaireanta an chloig le soláthar:** Forbairt

Is mian le TG4 sraith drámaíochta réamhscoile / luathscoile, chomhaimseartha carachtarbhunaithe a fhorbairt don lucht féachana faoi 7 mbliana d'aois.

Ní mór do na smaointe a chuirfear faoinár mbráid a bheith uailmhianach, misniúil, cruthaitheach, siamsúil, spráíúil agus feiliúnach don aoisghrúpa ar a bhfuil siad dírithe.

Ní mór do na sraitheanna a chuirfear faoinár mbráid a bheith ag luí go nádúrtha leis an nGaeilge agus a bheith taitneamhach do dhaoine óige a labhraíonn Gaeilge go rialta ach go mbeadh siad tarraingteach freisin do lucht féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta níos leithne ó thaobh toin, grinn, ábharthachta agus cur chuige stíle. Samplaí de shraitheanna Drámaíochta atá tarraingteach don lucht féachana seo ná S4C Deian a Loli , BBC/BBC ALBA ; Katie Morag

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith san áireamh in iarratais lena bhforbairt:

- Achoimre (260 focal)
- Réamhleagan (250 focal)
- Snáithe na Sraithe (600 focal)
- Bíobla na gCarachtar (3-5 leathanach A4 gan íomhánna san áireamh)
- Breac-chuntas ar an ton agus ar stíl fhísiúil an tionscadail, lena n-áirítear clár tobsmaointe. (1 leathanach A4)
- Sonraí maidir le príomhphearsanra cruthaitheacha agus daoine cumasacha cruthaitheacha léiriúcháin
- Buiséad forbartha (ní mór teimpléad buiséid TG4 a úsáid)
- Fianaise maidir le cearta Úinéireachta
- Deiseanna cómhaoinithe le Fuaim & Fís an BAI, ILBF & deiseanna maoinithe/díolacháin idirnáisiúnta.
- I gcás sraitheanna a bheidh le forbairt, is fiú míreanna nó gnéithe a d'fhéadfaí a úsáid ar fud na n-ardán éagsúil a bheith san áireamh.

Cuirfear dhá thionscnamh ar an ngearrliosta (Tá togra amháin ar an ngearrliosta cheana féin ó bhabhta coimisiúnaithe Cúla4 Earrach 2023).

Fáiltimid roimh iarratais lena bhforbairt ó chomhlachtaí léiriúcháin a bhfuil an taithí chuí acu drámaíocht ar ardchaighdeán a léiriú. Is mian linn scríbhneoirí, stiúrthóirí agus aisteoirí nua a bhfuil Gaeilge acu a thabhairt chun cinn mar chuid den phróiseas seo.

Ní mór scríbhneoir Gaeilge a bheith ina phríomhscríbhneoir nó ina chomhscríbhneoir mar chuid den iarratas.

## **7. Forbairt Drámaíochta do daoine óga 8-12 bhliain**

**An chéad am craolta:** Lá i rith na seachtaine.

**Formáid:** 22 x11’.

**Lucht Féachana:** Páistí 8-12, Croílucht féachana

**Fad an chonartha:** 6 mhí don forbairt

**Uaireanta an chloig le soláthar:** Forbairt

Tá Cúla4 ag lorg sraith dhrámaíochta do dhaoine óga 8-12 bhliain d’aois. Bíonn tóir ag an aoisghrúpa seo ar dhrámaíocht ar ardchaighdeán agus ba chóir an tsraith seo a bheith uailmhianach, ábhartha, nuálach agus comhaimseartha.

Maidir le smaointe don tsraith seo:

- Ba chóir don scéalaíocht a bheith lárnach sa chur chuige, agus carachtair inchreidte a spreagfaidh caint, gáire agus suim agus a bheidh tarraingteach don lucht féachana Gaeilge agus náisiúnta Cúla4 8-12 bhliain a bheith inti.
- Scríbhneoir nó scríbhneoirí a bhfuil Gaeilge aige/acu a bheith ag obair uirthi
- Tá sé ríthábhachtach go mbeadh an chaoi a bhféadfaí ábhar drámaíochta a chur ar fáil ar ilardán agus na féidearthachtaí a bheadh ann sin a dhéanamh ina chuid den fhorbairt.
- Na deiseanna a bheadh ann cómhaoiniú a fháil faoi Fhuaim agus Fís an BAI, ILBF agus deiseanna eile maoinithe idirnáisiúnta.

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith san áireamh in iarratais lena bhforbairt:

- Achoimre (260 focal)
- Réamhleagan (250 focal)
- Snáithe na Sraithe (600 focal)
- Bíobla do carachtar (3-5 leathanach A4 gan íomhánna san áireamh)
  - Breac-chuntas ar an ton agus ar stíl fhísiúil an tionscadail, lena n-áirítear clár tobsmaointe. (1 leathanach A4)
  - Sonraí maidir le príomhphearsanra cruthaitheacha agus daoine cumasacha cruthaitheacha léiriúcháin
- Buiséad forbartha (ní mór teimpléad buiséid TG4 a úsáid)
- Fianaise maidir le cearta Úinéireachta

Cuirfear trí thionscnamh ar an ngearrliosta agus cuirfear maoiniú forbartha ar fiú suas le €25,000 é ar fáil chun an tsraith a thabhairt chuig an leibhéal léirithe.

Fáiltimid roimh iarratais lena bhforbairt ó chomhlachtaí léiriúcháin a bhfuil an taithí chuí acu drámaíocht ar ardchaighdeán a léiriú. Is mian linn scríbhneoirí, stiúrthóirí agus aisteoirí nua a bhfuil Gaeilge acu a thabhairt chun cinn mar chuid den phróiseas seo.

Ní mór scríbhneoir Gaeilge a bheith ina phríomhscríbhneoir nó ina chomhscríbhneoir mar chuid den iarratas.

## 8. Siamsaíocht do pháistí (páistí 3-5 bliana / 5-7 mbliana nó 8-12 bhliain).

**An chéad am craolta:** Lá i rith na seachtaine.

**Formáid:** 13 x 15 nó 25' (Solúbtha)

**Lucht Féachana:** Páistí 8-12 bhliain, Croílucht féachana

**Uaireanta an chloig le soláthar:** Forbairt

Fáilteimid roimh iarratais ar ábhar aicsin bheo (live action) a bheadh feiliúnach do bhabhtáí BAI nó ILBF in 2023.

Ábhar tarraingteach agus siamsúil, a spreagann fiosracht agus foghlaim, ach a bhfuil féith an ghrinn ag baint leis. Is fiú inspioráid a thógáil ón lucht féachana agus a spéiseanna agus ó na hábhair S.T.E.A.M. ach tá sé tábhachtach go mbeadh an togra siamsúil agus spráúil go príomha. Sraitheanna den chineál seo atá sa sceideal faoi láthair ná Is Eolaí Mé, Na hInnealtóirí, Mo Shaol Do Shaol.

**Tar ag caint linn faoi aon smaoineamh, fiú mura bhfuil sé le feiceáil ar an liosta seo!**

Ní mór na hiarratais a chur isteach go leictreonach. Mura bhfuil an comhlacht cláraithe, caithfear clárú ar dtús ar an suíomh eCoimisiúin <https://ecomm.tg4.ie>, agus an t-iarratas a uaslódáil roimh an sprioc-am tríd an rogha, 'Babhta Coimisiúnaithe Cúla 4 '23', ón roghchlár anuas. Gheobhaidh tú admháil leictreonach go huathoibríoch. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an sprioc-ama agus is faoi na comhlachtaí iad féin atá sé a chinntiú go bhfuil na hiarratais faighte againn.

Má tá aon cheisteanna agat maidir le haon chuid den bhabhta seo, cuir r-phost chuig Máire Uí Choisdealbha [maire.ui.choisdealbha@tg4.ie](mailto:maire.ui.choisdealbha@tg4.ie)

*Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.*

*Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle praghais, ná le hiarratas ar bith.*

*Beidh aon chonradh ag brath ar Theastas Imréitigh Cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear in iúl d'iarrthóirí gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar eolas íogair (más ann dó) agus an chúis gur eolas íogair é a chur in iúl. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 eolas a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur eolas íogair é agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4 aige.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conartha nó aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag TG4 nó forghníofa thar a cheann.*

## 9. Ábhar Oideachais (Gearrfoirm) TG4 Foghlaim

Fáilteimid roimh iarratais ar ábhar oideachais gearrfoirme a bheidh feiliúnach do TG4 Foghlaim (ábhar ar líne agus ábhar inchraolta ar Cúla 4).

Ba chóir do na míreanna oideachais a bheith ag teacht leis an gcuraclam scoile agus a bheith feiliúnach don teagasc agus foghlaim i scoileanna, idir bhunscoileanna agus mheánscoileanna na tíre araon (idir thuaidh agus theas).

Ba chóir do na smaointe a chuirfear faoinár mbráid a bheith uailmhianach, misniúil, cruthaitheach, siamsúil, spráíúil agus feiliúnach don aoisghrúpa ar a bhfuil siad dírithe.

Cuirfear fáilte ar leith roimh iarratais sna réimsí seo:

1. Litearthacht – go háirithe scéalaíocht agus scríbhneoireacht chruthaitheach a bheidh oiriúnach do pháistí bunscoile idir 5 agus 9 mbliana. Sraith ina ndéantar páistí óga a mhealladh chun na léitheoireachta agus scríbhneoireachta.

Spriocghrúpa; 5 – 9 mbliana.

Fad ama; 5 – 7 Nóiméad

2. Matamaitic sa saol ceart - sraith ghearrfoirme chruthaitheach ina ndéantar iarracht fadhbanna matamaitice a réiteach agus béim ar an Mata thart timpeall orainn go laethúil. Ba chóir go mbeadh páistí ábalta páistí eile a fheiceáil i mbun fiosrúcháin agus ag réiteach fadhbanna.

Spriocghrúpa; 5 – 9 mbliana.

Fad ama; 3 – 5 Nóiméad

3. Mata Meabhrach – sraith ina mbíonn dúshláin agus cluichí curtha i láthair le fuinneamh agus spraoi os comhair páistí chun iad a gríosadh le tabhairt faoin mata go meabhrach trí úsáid a bhaint as an tsamhlaíocht agus samplaí ón saol ceart chun páistí a spreagadh mata a úsáid go laethúil.

Spriocghrúpa; 5 – 9 mbliana.

Fad ama; 3 – 5 Nóiméad

4. Litríocht na Gaeilge don tsraith shóisearach
5. Litríocht na Gaeilge don tsraith shinsearach
6. Sraith ghearrfoirme ina ndéantar daoine óga a spreagadh an Ghaeilge atá acu a úsáid go laethúil taobh amuigh den seomra ranga.

Spriocghrúpa - 15 – 17.

Fad ama



7. Folláine - sraith ghearrfhoirme dírithe ar chailíní idir 11 – 14 chun suim sa spórt a spreagadh iontu. Sraith ina ndéantar an spriocghrúpa seo a ghríosadh i mbun aicsin nó gníomhaíochtaí. M.sh. Let's Dance, Hip Hop, Pilates.

Spriocghrúpa - 11 – 14.

Fad ama; 3- 5 Nóiméad

Buiséad ar fáil do mhíreanna gearrfhoirme : 200k

## 10. Forbairt Oideachais - Fís Scoile

**Tá maoiniú forbartha ar fáil chun tograí oideachais uailmhianacha a léiriú in 2024 atá dírithe ar an nGaeilge a chur cun cinn i Scoileanna. Beifear ag díriú ar Bhunscoileanna agus ar Iar-Bhunscoileanna, agus beidh béim ar leith ar thacú le múineadh na Gaeilge i Scoileanna nach Gaelscoileanna iad.**

Bunscoileanna taobh amuigh den Ghaeltacht (nach Gaelscoileanna iad)

**Uaireanta le soláthar:** Forbairt

Iar-Bhunscoileanna taobh amuigh den Ghaeltacht (nach Gaelscoileanna iad)

**Uaireanta le soláthar:** Forbairt

Tá sé mar aidhm ag TG4 an Ghaeilge a chur chun cinn sna scoileanna sin nach í an Ghaeilge príomhtheanga labhartha na scoile ach gurb í an dara nó tríú teanga í. Chuige sin fáilteoidh muid roimh smaointe chun an Ghaeilge a fheabhsú agus tacaíocht a chur ar fáil do mhúinteoirí agus tuismitheoirí an Ghaeilge a úsáid. Tá féidearthachtaí anseo go mbeidh ceangail agus deis ag scoileanna T1 úsáid a bhaint as sraith mar seo chomh maith. Is deis í seo an Ghaeilge a chur chun cinn i scoileanna fud fad na tíre agus tús áite a thabhairt do na bunscoileanna teanga agus cumarsáide i measc lucht féachana atá ag foghlaim Gaeilge i scoileanna Béarla.

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith san áireamh in iarratais lena bhforbairt:

- Achoimre (260 focal)
- Réamhleagan (250 focal)
- Snáithe na Sraithe (600 focal)
- Bíobla na gCarachtar (3-5 leathanach A4 gan íomhánna san áireamh)
- Breac-chuntas ar an ton agus ar stíl fhísiúil an tionscadail, lena n-áirítear clár tobsmaointe. (1 leathanach A4)
- Sonraí maidir le príomhphearsanra cruthaitheacha agus daoine cumasacha cruthaitheacha léirithe
- Buiséad forbartha (ní mór teimpléad buiséid TG4 a úsáid)

- Fianaise maidir le cearta Úinéireachta
- I gcás sraitheanna atá á bhforbairt, is fiú míreanna nó gnéithe a d'fhéadfaí a úsáid ar na hardáin éagsúla a bheith san áireamh.

Tá deiseanna cómhaoinithe le Fuaim & Fís an BAI, ILBF nó eagrais Oideachais leis na tograí seo.

I gcás sraitheanna atá á bhforbairt, is gá míreanna nó gnéithe a d'fhéadfaí a úsáid ar na hardáin éagsúla a bheith san áireamh.

Cuirfear fáilte freisin roimh smaointe do thograí a bheadh oiriúnach do Ghaelscoileanna / Scoileanna Gaeltachta.

**Tar ag caint linn faoi aon smaoinemh, tá muid sásta na tograí forbartha seo a phlé.**

***Beidh Cearta saoil ag baint le ábhar ar bith a ndéantar forbairt air faoin mbabhta oideachais.***

Ní mór na hiarratais a chur isteach go leictreonach. Mura bhfuil an comhlacht cláraithe, caithefear clárú ar dtús ar an suíomh eCoimisiúin <https://ecomm.tg4.ie>, agus an t-iarratas a uaslódáil roimh an sprioc-am tríd an rogha, 'Ábhar Oideachas Cúla 4', ón roghchlár anuas. Gheobhaidh tú admháil leictreonach go huathoibríoch. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an sprioc-ama agus is faoi na comhlachtaí iad féin atá sé a chinntiú go bhfuil na hiarratais faighte againn.

Má tá aon cheisteanna agat maidir le haon chuid den bhabhta seo, cuir r-phost chuig Máire Uí Choisdealbha [maire.ui.choisdealbha@tg4.ie](mailto:maire.ui.choisdealbha@tg4.ie)

*Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.*

*Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle praghais, ná le hiarratas ar bith.*

*Beidh aon chonradh ag brath ar Theastas Imréitigh Cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear in iúl d'iarrthóirí gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar eolas íogair (más ann dó) agus an chúis gur eolas íogair é a chur in iúl. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 eolas a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur eolas íogair é agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4 aige.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conartha nó aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag TG4 nó forghníofa thar a cheann.*